culture ireland
cultúr éireann
promoting the arts abroad
cur chun cinn na n-ealaíon thar lear

Coinníollacha Deontais

Ní mór na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh chun éileamh a dhéanamh ar do dheontas; cuirfear moill ar an íocaíocht nó déanfar aisghairm uirthi má theipeann ort ceann nó níos mó de na coinníollacha sin a chomhlíonadh.

1. **Ba chóir éilimh ar dheontais bhronnta a sheoladh chuig:**
   Cultúr Éireann
   Seomra 315
   23 Sráid Cill Dara
   Baile Átha Cliath 2

2. Ní mór duit insint dúinn faoi aon athrú ionaid nó dáta ócáide sula dtarlaíonn athruithe den sórt sin.

3. **Ní mór** an deontas a tharraingt **laistigh de shé seachtaine** ó dháta deiridh na hócáide. Mura ndéanfaidh tú éileamh laistigh den spriocam, is amhlaidh a dhéanfar do dheontas a aisghairm.

4. Ní íocfaidh Cultúr Éireann deontais **sula** mbeidh an ócáid ar siúl.

5. D'fhonn do dheontas a éileamh, caithfidh tú **bunadmhálacha** a chur isteach do chaiteachas maidir leis an ócáid, comhionann le suim an deontais nó níos mó ná é. Má bhronntar an deontas i dtreo costais sainiúil tionscadail (m.sh. taisteal, cóiríocht), **caithfear** na hadmhálacha cuí a chur isteach.

   Ní ghlacfar le sonraisc, fótachóipeanna, facsanna, ráitis bhainc, cuntais deimhnithe ná aon chineál cáipéisíochta eile seachas bunadmhálacha.

   Ní sheolfar bunadmhálacha ar ais chuig iarratasóirí **ach amháin** má iarrtar sin nuair a chuirtear an t-éileamh isteach.

6. **Caithfidh** mionsonraí caiteachais a bheith in éineacht leis na hadmhálacha a chuirtear isteach ag clúdach gach admháil atá curtha isteach.

7. Ní dhéanfar íocaíocht ach leis an iarratasóir amháin. Is féidir íocaíochtaí a dhéanamh le haistriú cistí leictreonacha (EFT) díreach chuig cuntas (an modh is ansa linn) nó trí ordú iníoctha. **Ní mór** Foirm Sonraí Bainc a bheith istigh le gach iarratas ar íocaíocht EFT, féach leathanach 4.

8. **Ní mór** sonraí cánach an iarratasóra (ceantar cánach agus uimhir thagartha cánach nó uimhir carthanachta) i gcás na hÉireann nó thar lear a chur isteach le héileamh ar dheontas ionas go mbeifear in ann an chabhair deontais a tharraingt.

9. Lena chois sin, **caithfidh** gach iarratasóir **bun-Teastas Imréitigh Chánach de chuid na hÉireann** a chur isteach (náisiúnta agus idirnáisiúnta) nuair a dhéanann siad éilimh **ar dheontais de bhreis is 6,500 euro** in aon tréimhse 12 mhí. Seolfar ar ais an bunteastas imréitigh chánach chuig an iarratasóir.

   Má tá cónaí ort in Éirinn ba chóir duit dul i dteagmháil le d'oifig cánach áitiúil chun iarratas a dhéanamh ar Theastas Imréitigh Chánach.

   Mura bhfuil cónaí ort in Éirinn ba chóir duit dul i dteagmháil leis an Rannóg Imréitigh Chánach do Neamhchónaitheoirí, An Bailitheoir Ginearálta, Teach an tSáirséalaigh, Sráid Phroinsias, Luimneach, Éire.
   Teileafón: +353 61 310310, Facs: +353 61 401009,
   ríomhphost: nonrestaxclearance@revenue.ie le haghaidh Foirm TC1 agus eolas.
   Tá an Fhoirm TC1 ar fáil freisin ar www.revenue.ie.

10. Éilíonn Cultúr Éireann go dtabharfadh daoine a fhaigheann deontais aitheantas infheicthe dá gcuid tacaíochta i **ngach** ábhar, foilseachán agus clár a bhaineann leis an ócáid. Ní mór go mbeadh aitheantas den sórt sin ag teacht leis sin a thugtar d'urraitheoirí corparáideacha nó d'urraitheoirí eile nó do dheontóirí eile i gcás tacaíochta den chineál céanna. Tabharfar cóipeanna den lógó d'iarratasóirí a éireoidh leo chun na críche sin. Is le haghaidh ár gcomhpháirtithe agus do dhaoine a fhaigheann deontais a úsáidtear lógónna Chultúr Éireann agus sin amháin.

11. Ní mór an Fhoirm Tuairisce atá faoi iamh a chomhlánú agus a sheoladh ar ais leis na bunadmhálacha nuair a chuireann tú isteach d'éileamh ar dheontas.

    Ba chóir duit freisin aon chlúdach meáin agus léirmheasanna ar an ócáid agus aon ghrianghraif, físeán nó clos-ábhar a chur faoi iamh. Tá tábhacht mhór leo sin ó thaobh Chultúr Éireann má bhíonn iarratas eile á chur isteach agat amach annseo. D'fhéadfaí iad a úsáid freisin in obair poiblíochta, ach gach cead riachtanach a bheith faighte. Cuirtear cinntí Chultúr Éireann ar fáil don phobal trínár suíomh gréasáin agus trí na meáin.

Seicliosta ar Éileamh Deontais ✓

- [ ] Bunadmhálacha
- [ ] Foirm Tuairisce Chomhlánaithe
- [ ] Sonraí cánach
  (Ceantar cánach agus uimhir thagartha cánach nó uimhir carthanachta)
- [ ] Bun-Teastas Imréitigh Chánach ó Éirinn
  (má bhíonn tú ag déanamh iarratais ar shuimeanna os cionn 6,500 euro in aon tréimhse dhá mhí dhéag)
- [ ] Foirm Sonraí Bainc Chomhlánaithe
- [ ] Ábhar poiblíochta
  (Gearrthóga nuachta, léirmheasanna, tuairimí Grianghraif)

Foirm Sonraí Bainc – Deontas Chultúr Éireann

Ainm	
Seoladh	
Ainm bainc	
Ainm brainse an bhainc	
Seoladh an bhainc	
Cód sórtála an bhainc	
Ainm an chuntais bhainc	
Uimhir an chuntais bhainc	
Cód Swift IBAN	

Iarratais Chultúr Éireann
An Roinn Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta
Cultúr Éireann
Seomra 315
23 Sráid Cill Dara
Baile Átha Cliath 2
Teil: 00 353 1 6313905/3994/3917
Facs: 00 353 1 6313956
Ríomhphost: cultureireland@dast.gov.ie